Foras na Gaeilge

Foclóir.ie
www.focloir.ie

Tionscadal an Fhoclóra Nua Béarla-Gaeilge
Bileog Eolais don Chomórtas Earcaíochta d'Aistritheoirí, 2010

(a) Déanfar an obair a dháileadh ina pacáistí oibre, agus iarrfar ort í a chur i gcrích sa bhaile nó i pé láthair is áisiúla duit féin. Ní in oifigí Fhoras na Gaeilge a bheidh tú lonnaithe.

(b) Ní mór duit rochtain a bheith agat ar ríomhaire agus ar an idirlíon chun an obair a chur i gcrích. Tá roinnt riachtanas teicniúil i gceist freisin, féach mír (h) thíos.

(c) Iarrfar ort freastal ar sheisiúin oiliúna agus/nó ar chruinnithe i mBaile Átha Cliath ó am go chéile. Íocfar do chostais taistil agus lóistín sa chás seo.

(d) Is ar bhonn pacáistí oibre a íocfar thú. Ag brath ar an méid ama a bheadh ar fáil ag na haistritheoirí, d'fhéadfadh méideanna difriúla a bheith sna pacáistí oibre seo, agus beidh an íocaíocht in aghaidh an phacáiste bunaithe ar ráta €30 in aghaidh cion uaire socraithe d'obair.

(e) Má tá taithí agat ar fhoireann a stiúradh, d'fhéadfadh sé go n-iarrfaí ort bheith ag feidhmiú sa ról seo anuas ar ábhar a aistriú. Beidh ráta níos airde i gceist don obair seo.

(f) Is féidir leat cur isteach ar an bpainéal seo ar bhonn lánaimseartha nó ar bhonn páirtaimseartha.

(g) Má tá tú i do bhall cheana féin den Phainéal Aistritheoirí a cuireadh ar bun an bhliain seo caite, ní gá duit iarratas as an nua a chur isteach.

(h) Riachtanais theicniúla: chun feidhmchlár an Chórais Scríofa Foclóra (CSF) a shuiteáil ar do ríomhaire, is gá go mbeadh na feidhmchláir seo a leanas in ann feidhmiú air:

- *Windows 2000, Windows XP, Windows Vista* nó *Windows 7*;
- An brabhsálaí *Internet Explorer*, leagan 7.0 nó níos airde.

Ní mór duit leis rochtain a bheith agat ar an idirlíon. Moltar nasc leathanbhanda chuige seo, ach is féidir leis an CSF feidhmiú le nasc dialiú isteach.
(Tá riachtanais chórais eile ag gabháil leis an CSF, ach má tá ríomhaire agat a fuair tú le 3-4 bhliain anuas ba cheart go mbeadh sé lánábalta dul i ngleic leis na riachtanais sin)

(i) Tá samplaí d'ábhar Béarla an Fhoclóra le fáil ag an seoladh seo a leanas: http://www.focloir.ie/project-team_g/sample-material.asp, agus tá samplaí den ábhar aistrithe le fáil ag http://www.focloir.ie/project-team_g/sample-translations.asp . Cuirfear oiliúint chuí ó thaobh an chur chuige aistriúcháin agus in úsáid an Chórais Scríofa Foclóra ar na hiarrthóirí a n-éireoidh leo áit a ghnóthú ar an bpainéal.

(j) Baineann an obair seo le soláthar ábhar Gaeilge an Fhoclóra i gCéim 2b den tionscadal, atá idir lámha cheana féin. Tá sé ar intinn ag Foras na Gaeilge poist lánaimseartha a fhógairt amach anseo d'aistritheoirí, d'eagarthóirí agus do phearsanra cléireachais, ach na poist seo a bheith faofa.

(k) Déanfar d'iarratas a mheasúnú ar bhonn an eolais agus na n-aistriúchán trialach a sholáthraíonn tú san fhoirm iarratais, agus ansin ar bhonn scrúdaithe scríofa. Reáchtálfar an scrúdú seo san Institiúid Teicneolaíochta i dTamhlacht, Baile Átha Cliath, **Dé Sathairn 22 Bealtaine** agus iarrtar ort bheith ar fáil don scrúdú sin.
Mura féidir le daoine áirithe freastal ar an scrúdú ar an dáta sin déanfar iarracht an dara scrúdú a reáchtáil má fhaightear uain chuige roimh an gcúrsa oiliúna do na haistritheoirí nua, a reáchtálfar ó 17-19 Meitheamh.

(l) Ní féidir aon ghealltanas a thabhairt maidir leis an méid oibre a dháilfear ar na haistritheoirí a n-éireoidh leo áit a fháil ar an bPainéal Aistritheoirí, go háirithe má éiríonn le líon mór daoine cáiliú don phainéal. É sin ráite, tá i gceist tosú ar phacáistí oibre a dháileadh i mí Mheithimh.

(m) Agus an fhoirm iarratais comhlánaithe agat, ní mór leagan leictreonach a sheoladh chuig **foclóir@forasnagaeilge.ie** .

(n) Ní mór do d'iarratas bheith istigh faoi **5.00 p.m. Dé Céadaoin 12 Bealtaine 2010**.